# Gradaim Dhea-Chleachtais d’Ionaid Oibre Shláintiúla 2023–2025

# CÁS-STAIDÉAR

DÁFA

## Córas róbatach díluchtaithe bairillí chun an baol a bhaineann le gortuithe matánchnámharlaigh a laghdú

| EAGRAÍOCHT/CUIDEACHTA | TÍR | EARNÁIL | CÚRAIMÍ |
|---|---|---|---|
| **Midleton Distillery de chuid Irish Distillers, an Grúpa Pernod Ricard** | **Éire** | **Monarú deochanna alcólacha (drioglann)** | **Bairillí adhmaid cruachta a láimhsiú agus a dhíluchtú ó choimeádáin loingseoireachta mhóra** |

**Réamhrá maidir leis an gcás-staidéar**

Cuireadh oibreoirí i nDrioglann Mhainistir na Corann in Éirinn go mór i mbaol gortuithe matánchnámharlaigh as siocair a bheith ag díluchtú bairillí cruachta 60 kg de láimh ó choimeádáin. Agus sláinte agus sábháilteacht oibrithe mar phríomhthosaíocht aici, d’infheistigh an chuideachta i róbat soghluaiste saincheaptha uathrialaitheach ag a bhfuil radharc IS chun láimhsiú de láimh a íoslaghdú agus cur chuige ‘duine i gceannas’ á choinneáil ar bun ag an am céanna. Mar thoradh air sin, tá laghdú céad faoin gcéad tagtha ar thionóiscí a tharlaíonn de bharr an phróisis díluchtaithe bairillí.

## Cúlra

Tá ról lárnach ag Drioglann Mhainistir na Corann, a bhfuil breis agus 240 oibrí fostaithe aici, i dtáirgeadh uisce beatha in Éirinn. Tá an drioglann faoi úinéireacht Irish Distillers, ar fochuideachta den ghrúpa domhanda Pernod Ricard í. Le traidisiún sármhaitheasa seanbhunaithe agus tiomantas don cheardaíocht, láimhsíonn Drioglann Mhainistir na Corann líon mór bairillí uisce beatha go laethúil. Is iad sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe an phríomhthosaíocht atá acu, agus iad ag iarraidh nach dtarlódh tionóisc ar bith faoin gclár *Taking Care of Each Other* [Aire a thabhairt dá chéile].

Iompraítear bairillí folmha go Drioglann Mhainistir na Corann i gcoimeádáin mhóra loingseoireachta, agus iad cruachta trí cinn ar airde, agus bíonn suas le 208 mbairille ann in aghaidh an choimeádáin. Go dtí le déanaí, dhíluchtaíodh beirt oibreoirí na bairillí ar rothlach de láimh. Shainaithin foireann Dhrioglann Mhainistir na Corann an oibríocht díluchtaithe sin mar ghníomhaíocht ardriosca lena raibh baint ag roinnt rioscaí matánchnámharlaigh mar seo a leanas: meáchan trom na mbairillí folmha; an baol go dtitfeadh bairillí ar oibreoirí mar gheall ar bhairillí a bheith corraithe as áit le linn idirthurais; agus oibreoirí nach raibh in ann a bheith ina seasamh díreach taobh istigh den choimeádán, rud a d’fhág gur ghá dóibh bairillí folmha 60 kg a ligean anuas ón gciseal uachtarach chun iad a bhaint den choimeádán, nó siúl go ciotach ar bharr bhunchiseal na mbairillí. Ba iad iarmhairtí na n-oibríochtaí sin gortú íochtar an droma, gortuithe brúiscthe agus nochtadh do dheannach i spásanna cúnga. In ainneoin rialuithe eagraíochtúla a chur chun feidhme chun na rioscaí sin a mhaolú, amhail uainíocht oibríochtaí, laghdú ar na cruacha de bhairillí go dhá cheann, trealamh cosanta pearsanta breise agus oiliúint mhéadaithe, bhí tionóiscí fós ag tarlú.

## Aidhmeanna

D’fhéach an chuideachta le réitigh uathoibrithe nó róbatacha a fhiosrú lena gcuirfí deireadh leis an oiread rioscaí sábháilteachta agus sláinte ceirde (OSH) óna próiseas láimhsithe bairille agus ab fhéidir d’fhonn sábháilteacht, sláinte agus folláine fostaithe a fheabhsú.

## Cad a rinneadh agus conas a rinneadh é?

Chuaigh lucht Dhrioglann Mhainistir na Corann i gcomhairle le Pilz, gnólacht teicneolaíochta uathoibrithe, in 2017 chun roghanna uathoibrithe maidir le díluchtú bairillí a iniúchadh. Cuireadh foireann tionscadail le chéile, ina raibh comhairleoirí Pilz, baill ó

na foirne sláinte agus sábháilteachta, innealtóireachta agus oibríochtaí i nDrioglann Mhainistir na Corann. Áiríodh inti freisin na hoibreoirí a bheadh i mbun an trealamh a fheidhmiú ar deireadh.

Níorbh ann d'aon réiteach réamhdhéanta, mar sin shocraigh siad coincheap nuálach nach ndearnadh tástáil air roimhe sin a fhorbairt trí úsáid a bhaint as meascán de róbataic agus IS chun an próiseas láimhsithe bairillí a uathoibriú. D'oibrigh an fhoireann tionscadail le chéile ag gach céim den phróiseas, ón gcoincheap tosaigh go dtí na céimeanna deartha, coimisiúnaithe agus oibríochta.

Reáchtáladh comhairliúchán le hionadaithe sábháilteachta ar bhonn rialta freisin, agus bhí dlúthbhaint ag an mbeirt acu leis an tionscadal. Rinneadh meastóireacht ar roghanna éagsúla go dtí gur tháinig an fhoireann ar chomhaontú ar deireadh maidir le róbat soghluaiste uathrialaitheach (AMR) saincheaptha faoi threoir córais radhairc IS a fhorbairt lenar tugadh solúbthacht iomlán maidir le réim, conair thaistil agus treoshuíomh 360 céim. Roghnaíodh é mar gheall ar a chumas idirghabháil de láimh a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí sainaitheanta.

Thar thréimhse trí bliana, rinneadh an córas AMR a fhorbairt, a shuiteáil agus a choimisiúnú i nDrioglann Mhainistir na Corann. Bhí sé i bhfeidhm go hiomlán faoi shamhradh na bliana 2024.

## Cad a baineadh amach?

Méadaítear leis an gcóras AMR sábháilteacht agus éifeachtúlacht, agus aghaidh á tabhairt ar na rioscaí a bhaineann le díluchtú de láimh mar aon leis an éagsúlacht i dtaobh shocrúchán na mbairillí agus a méideanna. Mar thoradh air sin, tá feabhas suntasach tagtha ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar fholláine oibrithe ag an tsaoráid. Tá leibhéal ardfheidhmíochta ag an gcóras le haghaidh na bpríomhghnéithe sábháilteachta uile, lena n-áirítear ciorcaid sábháilteachta, cuirtíní solais, lasca éigeandála, geataí sábháilteachta, scanóirí urláir 2T agus córas sábháilteachta eochrach sáinnithe. Cumasaítear roinnt idirghníomhaíochtaí criticiúla oibreora leis an gcóras de bharr an leibhéil cosanta sin, chomh maith le sábháilteacht oibreoirí a áirithiú i gcónaí.

Trí úsáid a bhaint as córas eochrach sáinnithe, is féidir le hoibreoirí iad féin a chosaint agus a láithreacht a chur in iúl don chóras. Déantar é sin agus rochtain á fáil ar bhá in aice leis an róbat chun ullmhú le haghaidh teacht nó imeacht trucaile eile gan stop a chur le hoibríochtaí. I gcás céim neamhaireach i dtreo crios róbait oibre, cuirfidh na cuirtíní solais a scarann gach bá óna chéile stop láithreach leis an róbat. Cosnaíonn scanóirí urláir 2T oibreoirí freisin trí ghluaiseachtaí guaiseacha an róbait a stopadh nuair a théitear isteach sa chrios sábháilteachta.

## Tosca ratha

- Tá sláinte agus sábháilteacht mar thosaíocht ag Drioglann Mhainistir na Corann, agus tá cuspóir nach dtarlódh tionóisc ar bith curtha i bhfeidhm trína gclár *Taking Care of Each Other* [Aire a thabhairt dá chéile].
- Tharla laghdú céad faoin gcéad ar thionóiscí.
- Chuir tiomantas na bainistíochta sinsearaí agus an fíor-chomhoibriú idir an bhainistíocht agus na hoibrithe go mór le rath an chláir.
- Le rannpháirtíocht na n-oibreoirí ag gach céim den tionscadal tugadh tuiscint láidir ar úinéireacht dóibh agus bhí sé sin ríthábhachtach dá chur chun feidhme éifeachtach.
- Rinneadh innealtóireacht ar an gcóras róbatach d'fhonn an idirghabháil de láimh a íoslaghdú agus cur chuige 'duine i gceannas' á choinneáil ar bun ag an am céanna. Cinntítear ar an mbealach sin go mbíonn oibreoirí i gcónaí i gceannas ar an bpróiseas.
- Cinntítear leis an dóigh a ndeartar é gur féidir le hoibreoirí trealamh a oibriú go sábháilte agus cinntí a dhéanamh ó limistéar slán, agus prótacail i bhfeidhm le haghaidh idirghabhálacha sábháilte nuair is gá.
- Comhlíonann an córas caighdeáin sábháilteachta innealra agus Ceanglais Oibriúcháin Sábháilteachta Innealra an ghrúpa Pernod Ricard.



© An Grúpa Pernod Ricard

## Inaistritheacht

D'fhéadfaí an córas róbatach a oiriúnú lena úsáid ag suíomhanna eile de chuid an ghrúpa Pernod Ricard nó ag drioglanna comhchosúla a thógann isteach bairillí. Go deimhin, tá spéis léirithe ag drioglanna eile sa teicneolaíocht cheana féin, agus tá fonn ar an ngrúpa Pernod Ricard agus ar Irish Distillers eolas a mhalartú agus tairbhí na teicneolaíochta seo a roinnt.

Mar gheall ar a inscálaitheacht, tá an cineál teicneolaíochta seo oiriúnach freisin lena húsáid ar fud go leor tionscal agus earnálacha ina láimhsítear bairillí de mhéideanna éagsúla agus coimeádáin eile.

## Costais agus sochair

Tá costas suntasach an chórais róbataigh neamhábhartha i gcomparáid leis na costais a bhaineann le droch-chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta, oibrithe gortaithe, uaireanta caillte agus costais árachais. Ó tugadh isteach é, níor tuairiscíodh tionóisc ar bith a bhain le láimhsiú bairillí.

Ós rud é gur féidir leis an gcóras bairillí cruachta a dhíluchtú i dtríonna seachas i ndónna (mar a bheadh i gcás réitigh eile), meastar go laghdófar líon na gcoimeádán faoi 463, le coigilteas costais EUR 1.38 milliún in aghaidh na bliana.



© An Grúpa Pernod Ricard

## Príomhghnéithe an tsampla dea-chleachtais

- **Laghdú suntasach ar riosca –** Tá leibhéal idirghníomhaíochta de láimh an oibreora agus na gcúraimí ardriosca gaolmhara íoslaghdaithe go mór.
- **Toilleadh coimeádán –** Is féidir leis an gcóras coimeádáin a láimhsiú ina bhfuil bairillí cruachta trí cinn ar airde.
- **Éagsúlacht mhéid na gcascaí —** Is féidir leis an gcóras éagsúlachtaí ó thaobh mhéid na gcascaí de a bhainistiú go héifeachtach.
- **Scilbhisiú oibreoirí –** Dearadh an córas i gcomhairle le hoibreoirí a bhí páirteach i ngach céim den phróiseas, lena n-áirítear céim choimisiúnaithe agus oiliúna leathnaithe. Cuireadh ar an dóigh sin ar chumas oibreoirí taithí a fháil agus scileanna nua a fhorbairt.
- **Feabhsuithe amach anseo –** D'fhéadfaí an teicneolaíocht a uasghrádú amach anseo chun cineálacha bairille níos mó a láimhsiú.
- **Inscálaitheacht –** Is féidir an réiteach a oiriúnú lena úsáid ag suíomhanna eile de chuid an ghrúpa Pernod Ricard ina láimhsítear bairillí.
- **Comhlíonadh –** Comhlíontar go hiomlán na ceanglais reachtacha áitiúla agus caighdeáin an ghrúpa Pernod Ricard leis an gcóras, lena n-áirítear i dtaobh measúnú riosca.

## Tuilleadh faisnéise

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ag:

https://www.pernod-ricard.com/en

***Rinneadh innealtóireacht ar an gcóras róbatach atá bunaithe ar IS d'fhonn an idirghabháil de láimh a íoslaghdú agus cur chuige 'duine i gceannas' á choinneáil ar bun ag an am céanna.***